GX2564

OLLSCOIL NA hÉIREANN

GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 1999 - 2000

SEIMEASTAR 2

DLI II

Pádraig Ó Héalaí
Marie McGonagle

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Freagair dhá cheist. [Is ionann an píosa scríbhneoireachta atá déanta agaibh agus ceist amháin. Beidh na marcanna céanna ag dul do gach ceist.]

1. Abair go bhfuil tú ag fiosrú scéil faoi pholasaí an Rialtais i leith na Gaeltachta. Chuala tú go bhfuiltear chun gearradh siar ar na deontais atá ar fáil; go bhfuiltear chun roinnt scoileanna beaga a dhúnadh, mar aon le hoifigí poist. Tá a fhios agat go ndearnadh tuairisc oifigiúil faoi na hoifigí poist sa bhliain 1997. Tá a fhios agat freisin go ndearnadh fiosrúchán sa bhliain 1999 faoi chúrsaí pleanála sa Ghaeltacht agus gur moladh scéim éigin chun cabhrú le Gaeilgeoirí tithe a cheannach nó a thógáil sa Ghaeltacht. Níl na húdaráis sásta aon eolas a thabhairt duit faoi na rudaí seo agus cinneann tú ar irarratas a chur isteach de réir an Achta um Shaoirse Faisnéise 1997.

Mínigh:

- an tábhacht atá leis an Acht d'iriseoirí
- na heagraíochtaí a gcuirfeá d'iarratas chucu
- na deacrachtaí a bheadh ann chun teacht ar an tuairisc a soláthraíodh sa bhliain 1997 agus aon rud is féidir a dhéanamh chun na deacrachtaí sin a shárú
- aon rud eile ar chóir tabhairt faoi chun cur le d'iarratas chun cinntiú go bhfaighidh tú oiread eolais agus is féidir.

2. Abair go bhfuil TG4 ag iarraidh an scannán Natural Born Killers a chraoladh go domhain san oíche. Iarrann sí comhairle ort faoi na prionsabail éagsúla den dlí a bhfuil baint acu leis an scéal, go háirithe na prionsabail a bhaineann le teastas a fháil chun scannán a thaispeáint don phobal, agus na prionsabail atá le fáil sa Treoir Eorpach um Theilifís gan Teorainneacha (EC Television without Frontiers Directive).

3. Abair go bhfuil cara leat, atá ina hiriseoir sa Ghearmáin, ar cuairt agat. Léann sí sna nuachtáin faoin athstruchtúrú atá á dhéanamh ar chúrsaí teilifíse sa tír seo (faoin mBille Craolacháin 1999) agus iarrann sí ort míniú a thabhairt di ar na dlíthe a bhaineann le cúrsaí teilifíse in Éirinn. Mínigh di i dtéarmaí ginearálta an ról atá ag údarás RTE, an IRTC agus an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin.

4. "Is é an prionsabal ginearálta a rialaíonn iomlán na fógraíochta craolta ná go mbeadh sí dlíthiúil, macánta, modhúil agus firinneach." Pléigh.

5. Déan cur síos ar na gnéithe is tábhachtaí den chóipcheart ó thaobh craoltóirí de, agus ar na deacrachtaí is mó a bhaineann leis, dar leat.

6. Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo (I – III) a leanas:

i) Abair go bhfuil comhlacht físeán tar éis conradh sé mhí a thairiscint duit. Mínigh na cearta dlí a bheadh agat mar fhostaí.

ii) Mínigh na cúraimí ba chóir d'iriseoir a ghlacadh air féin ina chuid iriseoireachta, féachaint nach gcuirfidh sé isteach ar an gceart atá ag gach saoránach triail chothrom a bheith aige.

iii) Déan liosta de na coscanna is mó atá ann maidir le tuairisciú na gcúirteanna.